S.43T

| RABHADH<br>Ní mór an roinn seo a chur ar ais le do fhreagarleabha(i)r, nó caillfear marcanna. | Scrúduimhir an Iarrthóra |
|---|---|

**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2002**

# STAIDÉAR GNÓ - ARDLEIBHÉAL - PÁIPÉAR I
# ROINN A
**(80 Marc)**

DÉ CÉADAOIN, 12 MEITHEAMH 2002 - MAIDIN, 9.30 - 12.00

**Freagair na 20 ceist ar fad. Tá 4 mharc ag dul do gach ceist. Is ceadmhach áireamháin a úsáid.**

---

**1.** Taispeáin le tic (✓) an freagra ceart thíos.

An Bord Árachais Sláinte Shaorálaigh (V.H.I.)

(a) íocann sé cúiteamh nuair a bhíonn duine tinn nó gan bheith in ann obair a dhéanamh. ☐
(b) íocann sé pinsean ag aois áirithe. ☐
(c) íocann sé speansais a bhaineann le fanacht in ospidéal. ☐
(d) téann sé i mbannaí nach dtiocfaidh droch-shláinte ar dhuine. ☐

**2.** Comhlánaigh an abairt thíos trí na focail chearta a roghnú ón liosta seo a leanas.

| **Creidiúnaithe, Féichiúnaithe, Nóta Creidmheasa, Nóta Dochair, Admháil, Sonrasc.** |
|---|

Glacann gnólacht le haischuir óna ____________________ agus eisíonn doiciméad dóibh ar


a dtugtar ____________________.

**3.** Taispeáin le tic (✓) an freagra ceart thíos.

Baintear úsáid as Ráiteas Oibriúcháin lena ríomh

(a) an t-airgead a fuair agus a d'íoc club ar feadh tréimhse. ☐
(b) an Brabús nó an Caillteanas a rinne gnólacht seirbhíse ar feadh tréimhse. ☐
(c) Sócmhainní agus Fiachais ghnólachta thrádála ar dháta áirithe. ☐
(d) an méid de tháirge a rinne Déantóir ar feadh tréimhse. ☐

**4.** Is líneghraf é seo a leanas de Ioncam Iomlán Díolachán agus de Speansais Iomlán gnólachta do na trí bliana 1996 - 2001.




Taispeáin le tic (✓) an freagra ceart thíos.

Le linn na 6 bliana seo caite tá Corrlach Glan an ghnólachta (Céatadán Brabúis Ghlain)

Níos fearr ☐

Níos measa ☐

Fanta mar a bhí ☐

**4.** Ainmnigh agus mínigh go hachomair **DHÁ** mhodh chun eolas a bhailiú nuair a bhítear ag tabhairt faoi Thaighde Margaidh.

1. ______________________________________________

______________________________________________

2. ______________________________________________

______________________________________________

**6.** Cuir tic (✓) sa bhosca ceart le taispeáint cé acu an bhfuil na ráitis seo a leanas fíor nó bréagach.

| | | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|---|
| (a) | Is sampla de Chaiteachas **Caipitiúil** é stoc a cheannach le hathdhíol. | ☐ | ☐ |
| (b) | Is sampla de Chaiteachas **Reatha** é árachas a íoc. | ☐ | ☐ |

**7.** Freagair **CEANN AMHÁIN** díobh seo a leanas:

(a) Cad is ciall le seic a stopadh agus cé aige a bhfuil an chumhacht é sin a dhéanamh?

**Freagra** ____________________

____________________

**NÓ**

(b) Cad is ciall le seic a fhormhuiniú agus cén uair a dhéantar é?

**Freagra** ____________________

____________________

**8.** Taispeáin le tic (✓) an chatagóir lena mbaineann gach earra nó seirbhís.

| | **Onnmhairí Infheicthe** | **Onnmhairí Dofheicthe** | **Allmhairí Infheicthe** | **Allmhairí Dofheicthe** |
|---|---|---|---|---|
| Gliomach Éireannach a dhíoltar i bPáras | | | | |
| Éireannaigh ag taisteal chuig Craobh an Choirn Dhomhanda | | | | |
| Tuilleamh bannaí ceoil Éireannacha ar thuras domhanda | | | | |
| Turasóirí eachtracha ag taisteal ar eitleáin Aer Lingus | | | | |

**9.** Luaigh **DHÁ** bhuntáiste atá ag aeriompar ar mhuiriompar.

1. ____________________

2. ____________________

**10.** Ainmnigh Comhlacht/Cuideachta Stáit a bhfuil baint aige leis na gníomhaíochtaí seo a leanas.

1. Onnmhairí a chur ar aghaidh ____________________

2. Cumarsáid ____________________

**11.** Cuir tic (✓) sa bhosca ceart le taispeáint cé acu an bhfuil na ráitis seo a leanas fíor nó bréagach.

| | | **Fíor** | **Bréagach** |
|---|---|---|---|
| (a) | I gComharchumann, bíonn fiachas teoranta ar na scairshealbhóirí. | ☐ | ☐ |
| (b) | I gComharchumann, ní bhíonn ach vóta amháin ag gach scairshealbhóir. | ☐ | ☐ |

**12.** Liosta de théarmaí gairmeacha gnó atá i **gColún 1**.
Liosta de na dualgais a dhéanann na gairmeacha sin atá **i gColún 2**.

Meaitseáil an dá liosta tríd an litir atá leis an míniú ceart a chur faoin uimhir chuí thíos. (*Tá míniú amháin nach mbaineann le téarma ar bith*.)

| **Colún 1 – Gairmeacha** | **Colún 1 – Dualgais** |
|---|---|
| **1** Achtúire | **A** Freagrach as taifid airgeadais ghnólachta a choinneáil. |
| **2** Cuntasóir | **B** Ríomhann méid préimhe árachais. |
| **3** Measúnóir | **C** Díolann ar son gnólachta amháin. |
| **4** Iniúchóir | **D** Molann méid an chúitimh. |
| | **E** Ceaptha ag na scairshealbhóirí chun beachtas cuntais an ghnólachta a sheiceáil. |

| **1** | **2** | **3** | **4** |
|---|---|---|---|
| | | | |

**13.** Bhí an cuntas seo a leanas i mórleabhar T. Hannon.

| **DR** | | **Cuntas Díolachán** | | | | | **SR** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Dáta** | **Sonraí** | **F** | **€** | **Dáta** | **Sonraí** | **F** | **€** |
| | | | | Bealtaine 29 | Banc | L.A.6 | 9,500 |
| | | | | Bealtaine 30 | Ilfhéichiúnaithe | L.D.3 | 860 |

Comhlánaigh na habairtí thíos chun míniú a thabhairt ar na hiontrálacha sa chuntas.

Is éard a rinne T. Hannon ar an 29 Bealtaine ______________________________

______________________________________________________________

Is éard a rinne T. Hannon ar an 30 Bealtaine ______________________________

______________________________________________________________

**14.** Bhí an iontráil seo a leanas i Leabhar Cúnta Ginearálta grósaera. Déan é a chomhlánú tríd an insint/míniú cuí a scríobh.

| **Leabhar Cúnta Ginearálta** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | **F** | **DR €** | **CR €** |
| Bealtaine 20 | Cuntas Trealamh DR<br>Smith Teo.<br><br>Mar atá________________________<br>______________________________<br>______________________________<br>______________________________ | | 5,000 | <br>5,000 |

**15.** Bhí an cuntas seo a leanas i mórleabhar T. Allen.

| **DR** | | **Cuntas Banc** | | | | | **SR** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Dáta** | **Sonraí** | **F** | **€** | **Dáta** | **Sonraí** | **F** | **€** |
| Bealtaine 5 | Díolacháin | L.D.2 | 690 | Bealtaine 1 | Iarmhéid | t/a | 370 |
| | | | | Bealtaine 7 | Cíos | MLC9 | 500 |

Cuir an t-eolas a tugadh sa chuntas thuas i láthair i bhformáid mar chomhardú leantach sa Chuntas Bainc thíos.

| **Cuntas Banc** | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Dáta** | **Sonraí** | **F** | **Dochar** | **Sochar** | **Iarmhéid** |
| Bealtaine 1 | Iarmhéid | | | | (370) |
| Bealtaine 5 | Díolacháin | L.D.2 | | | |
| Bealtaine 7 | Cíos | MLC9 | | | |

**16.** Cuir tic (✓) leis an téarma is fearr a chuireann síos ar fheidhm an fhiontraí (entrepreneur).

| | | | |
|---|---|---|---|
| Fostaí | ☐ | Bainisteoir | ☐ |
| Téann sé i bhfiontar | ☐ | Duine leisciúil | ☐ |

**17.**

| Cuntas Trádála don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2001 | | |
|---|---|---|
| | € | € |
| Díolacháin ……….……………………………….. | | 120,000 |
| Lúide Costas Díolachán | | |
| Stoc Tosaigh ………………………………………… | 12,000 | |
| Ceannacháin …..…………………………………….. | 94,000 | |
| | 106,000 | |
| Stoc ar Deireadh ……..……………………………… | ? | |
| | | 90,000 |
| Brabús Glan ………………………………… | | 30,000 |

Ríomh:

(a) An figiúr don **Stoc ar Deireadh** atá in easnamh.

**Freagra** ____________

| **Oibriúcháin** |
|---|
| |

(b) **Marcáil Suas** (Céatadán)

**Freagra** ____________

| **Oibriúcháin** |
|---|
| |

**18.** Cuir tic (✓) sa bhosca ceart chun na ráitis seo a leanas a chomhlánú.

Is é an costas iomlán don fhostóir a bhaineann le hoibrí a fhostú ná

(a) ollphá an oibrí. ☐

(b) pá glan an oibrí. ☐

(c) ollphá an oibrí móide ranníocaíocht ASPC an fhostóra. ☐

(d) pá glan an oibrí móide ranníocaíocht ASPC an fhostóra. ☐

**19.** Ainmnigh **DHÁ** dhoiciméad atá le comhlánú agus le cur ar aghaidh chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí nuair a bhíonn cuideachta theoranta á bunú.

(a) ________________________________

(b) ________________________________

**20.**

| **Clár Comhardaithe amhail ar an 31 Bealtaine 2002** | | |
|---|---|---|
| | € | € |
| Sócmhainní Seasta ………………………………….. | | 250,000 |
| Sócmhainní Reatha ………………………………….. | 64,000 | |
| Fiachais Reatha …………………………..……….…. | 74,000 | |
| | | (10,000) |
| | | 240,000 |
| Maoinithe ag: | | |
| Fiachais Fhadtéarma ……………………………………. | | 60,000 |
| Caipiteal Údaraithe Eisithe | | |
| Gnáthscaireanna €1 an ceann…… 200,000 130,000 | 130,000 | |
| Cúlchistí……………………………………………… | 50,000 | |
| | | 180,000 |
| | | 240,000 |

Freagair **CEANN AMHÁIN** díobh seo a leanas:

(a) An bhfuil an gnólacht **leachtach**? Tabhair cúis le do fhreagra.

______________________________________________

______________________________________________

**NÓ**

(b) Is é an Brabús Glan don bhliain ná €36,000. Ríomh an **Toradh ar Chaipiteal in Úsáid**.

**Freagra** [ %]

| **Oibriúcháin** |
|---|
| |

**Le húsáid le Ceist 1 (A) i Roinn B.**

**Achoimre ar Bhuiséad Mhuintir Laoire, Eanáir go hAibreán.**

| | **Ean.** | **Feabh.** | **Márta** | **Aibr.** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|---|
| **Ioncam Iomlán** | 1,250 | 1,250 | 1,350 | 1,375 | |
| **Caiteachas Iomlán** | 875 | 1,438 | 1,421 | 1,079 | |
| Coigealtas | 100 | 100 | 100 | 100 | |
| [Caiteachas móide coigealtas] **Eisíocaíochtaí Iomlána** | 975 | | | | |
| **Airgead Glan** | | | | | |
| **Airgead Tosaigh** | | | | | |
| **Airgead Deiridh** | | | | | |

**Le húsáid le Ceist 1 (B) i Roinn B.**

(i) Cad is Buiséad ann?

**Freagra** ________________________________________________

(ii) Cén t-eolas ar féidir a fháil de bharr buiséad a ullmhú?

**Freagra** ________________________________________________

(iii) Ainmnigh mí ar bith a bhfuil sé i gceist ag Muintir Laoire iasacht/rótharraingt a bheith acu agus luaigh méid na hiasachta.

**Freagra** ________________________________________________

(iv) Ainmnigh mí ar bith a bhfuil sé i gceist ag Muintir Laoire easnamh a bheith acu agus luaigh méid an easnaimh sin.

**Freagra** ________________________________________________

(v) An raibh sé i gceist ag Muintir Laoire maireachtáil laistigh dá n-ioncam i rith na tréimhse Eanáir go hAibreán? Tabhair cúis led fhreagra.

**Freagra** ________________________________________________

**Le húsáid le Ceist 1 (C) i Roinn B.**

Cuir tic (✓) sa bhosca cuí le taispeáint cé acu a bhfuil na speansais chairr atá liostaithe thíos Seasta, Mírialta nó Roghnach.

| **Speansais Chairr** | **Seasta** | **Mírialta** | **Roghnach** |
|---|---|---|---|
| **Deisiúcháin** | | | |
| **Cáin Bhóthair** | | | |
| **Clúdaigh Nua Shuíochán** | | | |
| **Peitreal** | | | |

**Doiciméad le húsáid le Ceist 1 (D) i Roinn B a fhreagairt.**

Dáta ________________

Íoc ________________

Iarmhéid
t/a €227-

€

Míreanna
Eile ________________

Iarmhéid
t/s ________________

002192

Banc
Uladh

Gort

98-63-20

Dáta ______________

Íoc ______________________________ nó ordú

€

*Seic. Uimh.* 002192

*Cód Sortála* 98 6380

*Uimh.Chuntais* 48749022 02

**NÁ DÉAN DEARMAD AN ROINN SEO A CHUR AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR**

**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2002**

# STAIDÉAR GNÓ – ARDLEIBHÉAL – PÁIPÉAR I
# ROINN B

**(160 Marc)**

DÉ CÉADAOIN, 12 MEITHEAMH 2002 – MAIDIN, 9.30 go 12.00

Tá na ceisteanna uile ar aon mharc. **CEITHRE** cheist ar bith le freagairt.
Bronnfar marcanna ar leagan amach agus ar chur i láthair mar aon le, nuair is cuí, Fóilióna agus Dátaí a thaispeánfaidh an lá, an mhí agus an bhliain. Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

**1.** **Freagair GACH roinn. Is ceist faoi Bhuiséad Teaghlaigh agus faoi Sheiceanna í seo.**

**A.** I ndeireadh Roinn A, Leathanach 8, tá achoimre nach bhfuil críochnaithe de bhuiséad teaghlaigh Mhuintir Laoire do na míonna, Eanáir go hAibreán. Iarrtar ort an buiséad seo a chomhlánú trí na figiúirí i gcolún an "Iomlán" a líonadh isteach chomh maith leis na figiúirí atá in easnamh do "Eisíocaíochtaí Iomlána, Airgead Glan, Airgead Tosaigh agus Airgead ar Deireadh".
Ar an 1 Eanáir, bhí airgead ar láimh de €127 ag Muintir Laoire. **(11)**

**B.** Freagair na ceisteanna seo a leanas sa spás atá ar fáil ag deireadh Roinn A, leathanach 8.

(i) Cad is buiséad ann?

(ii) Cén t-eolas is féidir a fháil as buiséad a ullmhú?

(iii) Ainmnigh mí ar bith a bhfuil sé i gceist ag Muintir Laoire iasacht/rótharraingt a bheith acu agus luaigh méid na hiasachta.

(iv) Ainmnigh mí ar bith a bhfuil sé i gceist ag Muintir Laoire easnamh a bheith acu.

(v) An raibh sé i gceist ag Muintir Laoire maireachtáil laistigh dá n-ioncam i rith na tréimhse Eanáir go hAibreán? Tabhair cúis led fhreagra. **(15)**

**C.** Freagair an cheist seo a leanas sa spás atá ar fáil ag deireadh Roinn A, leathanach 9.

Tá carr ag Muintir Laoire. Taispeáin, trí tic (✓) a chur sa bhosca cuí, cé acu an rangófaí na speansais seo a leanas mar Seasta, Mírialta nó Roghnach ina mbuiséad.
Deisiúcháin Chairr, Cáin Bhóthair, Clúdaigh Nua Shuíochán, Peitreal. **(4)**

**D.** Ar an 2 Feabhra 2002 d'íoc Fiona Uí Laoire €386 le seic mar árachas tí le Guardian Insurance Teo. Ó cuireadh an seic sa phost, bheartaigh sí é a dhéanamh chomh sábháilte agus a b'fhéidir.
Comhlánaigh an seic agus an comhdhuille den 2 Feabhra 2002 ag baint úsáide as an doiciméad bán atá ar fáil ag deireadh Roinn A, leathanach 9. Déan an seic chomh sábháilte agus is féidir. **(10)**

**(40 marc)**

**2.** **Freagair GACH roinn. Ceist Bhaincéireachta agus Infheistíochta í seo.**

**A.** (i) Liostaigh **TRÍ** mhodh chun íocaíochtaí a dhéanamh a chuireann Bancanna Tráchtála ar fáil, gan íocaíochtaí seiceanna a chur san áireamh. **(6)**

(ii) Ainmnigh **TRÍ** sheirbhís a chuireann na Bancanna Tráchtála ar fáil, seachas airgead/íocaíochtaí a aistriú. **(6)**

(iii) Ainmnigh **TRÍ** chineál eile institiúidí airgeadais a fheidhmíonn in Éirinn. **(6)**

**B.** Is pinsinéir ar scor í Siobhán Ní Choileáin atá ina cónaí ina haonar. Coinníonn sí a coigealtas saoil de €22,500 sa bhaile. Iarrtar ort comhairle a chur uirthi agus í a ghríosadh chun a cuid coigiltis a infheistiú in institiúid airgeadais éigin.

(i) Ainmnigh infheistíocht **AMHÁIN** a mholfá. **(2)**

(ii) Tabhair **DHÁ** bhuntáiste agus míbhuntáiste **AMHÁIN** a bhaineann leis an infheistíocht sin. **(6)**

**C.** D'infheistigh Siobhán an €22,500 ar feadh ceithre bliana agus é ag tuilleamh 3% ús simplí in aghaidh na bliana. I ndeireadh na gceithre bliana bhí uirthi C.C.Ú.C.T. (D.I.R.T.) a íoc ar an bhfáltas/ús de réir ráta 15% ar an olltuilleamh.

(i) Cad dó a seasann na túslitreacha C.C.Ú.C.T. (D.I.R.T.)? **(2)**

(ii) Ríomh an fáltas/ús glan ar infheistíocht Shiobháin. **(7)**

**D.** Léigh Siobhán duilleachán faoi chúrsaí infheistíochta a rinne tagairt do R.I.B. (C.A.R.).

(i) Cad dó a seasann na túslitreacha R.I.B.? **(2)**

(ii) Cén úsáid is féidir a bhaint as an eolas a thugann an R.I.B.? **(3)**

**(40 marc)**

**3.** **Freagair GACH roinn. Ceist Tomhaltóra agus Teicneolaíochta Eolais í seo.**

**A.** (i) Mínigh an difríocht idir trádálaí agus tomhaltóir. **(6)**

(ii) Cé acu de na páirtithe thuas a bhfuil "An tAcht um Dhíolachán Earraí agus Soláthar Seirbhísí 1980" ceaptha lena chosaint? **(3)**

(iii) Liostaigh **TRÍ** fhoráil/alt de chuid "An tAcht um Dhíolachán Earraí agus Soláthar Seirbhísí 1980". **(9)**

(iv) Cad is brí leis an téarma **Caveat Emptor**? **(3)**

**B.** Cheannaigh Elaine ríomhaire pearsanta nua ón "Stór Teicneolaíochta" áitiúil. Sé seachtaine ina dhiaidh sin tharla locht ar C.P.U. an ríomhaire agus d'éirigh sé an-mhall.

(i) Cad dó a seasann na litreacha L.A.P. (C.P.U)? **(3)**

(ii) Cén fheidhm a chomhlíonann an L.A.P.? **(3)**

**C.** Rinne Elaine teagmháil leis an "Stór Teicneolaíochta" agus rinne sí gearán. D'iarr sí réiteach láithreach ar an bhfadhb.

(i) Liostaigh **DHÁ** leigheas fhéideartha a mheasfá a bheith réasúnta agus inghlactha ag Elaine. **(6)**

(ii) Cad iad na buntáistí a bhaineann le ráth? **(3)**

(iii) D'íoc Elaine €2,220 ar an ríomhaire agus C.B.L. de 20% san áireamh.
Cé mhéad a chosnódh sé gan an táille C.B.L.? **(4)**

**(40 marc)**

**4.** **Freagair GACH roinn. Ceist Phá agus Cheardchumainn í seo.**

**A.** Uaireanta faigheann oibrithe luach saothair breise óna bhfostaíocht i bhfoirm neamhairgeadúil.

(i) Cad a thugtar ar an luach saothair seo? **(3)**

(ii) Ainmnigh **DHÁ** mhodh a ndéantar pá oibrithe a ríomh. **(6)**

(iii) Ainmnigh **DHÁ** asbhaint dheonacha as pá oibrithe. **(6)**

**B.** Is Stíobhard Ceardlainne ag Machinery Engineering Tta. é Fiontán Ó Leathlobhair. Is ball é féin agus na hoibrithe eile den cheardchumann S.I.P.T.U. Ag cruinniú le deireanas phléigh siad an seasamh ar cheart dóibh a thógáil maidir le Comhaontú Náisiúnta Pá/Comhaontuithe Comhchoiteanna.

(i) Liostaigh **DHÁ** dhualgas a bhíonn ar Stíobhard Ceardlainne. **(6)**

(ii) Liostaigh **DHÁ** fhadhb a d'fhéadfadh oibrí a chur faoi bhráid a c(h)eardchumainn. **(6)**

(iii) Luaigh beart tionsclaíoch **AMHÁIN**, seachas stailc, a d'fhéadfadh ceardchumann a dhéanamh ar mhaithe le héileamh agus chun fadhb a réiteach. **(3)**

(iv) Cad is brí leis an téarma Comhaontú Náisiúnta Pá? **(3)**

**C.** Meastar go gcothaíonn Comhaontú Náisiúnta Pá **dea-chaidreamh tionsclaíoch**.

(i) Mínigh cad is brí leis an téarma **dea-chaidreamh tionsclaíoch**. **(3)**

(ii) Gach seachtain bíonn baint ag Fiontán mar oibrí deonach le Uinseann de Pól ag deisiú agus ag péinteáil tithe do sheandaoine.

An obair nó an fostaíocht é sin? **(4)**

**(40 marc)**

**5.** **Freagair GACH roinn. Ceist í seo faoi Chuntas Club.**

Choinnigh an Club Iománaíochta Hibernian taifead ar a chúrsaí airgeadais i Leabhar Airgid Miondealaithe. Ar an 1 Eanáir 2001, bhí rótharraingt de €781 aige sa bhanc. Tharla na bearta seo a leanas le linn 2001.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Ean 8 | D'íoc Caledonian Teo. as árachas | Seic Uimh. 70 | €1,648 |
| Feabh 15 | Lóisteáil táillí ballraíochta | | €1,500 |
| Mar 7 | D'íoc Sportswear Teo. as geansaithe | Seic Uimh. 71 | € 700 |
| Mar 19 | Chuir fáltas geata cluiche na Féile Pádraig i dtaisce | | € 516 |
| Aib 13 | D'íoc pá an fheighlí | Seic Uimh. 72 | € 240 |
| Beal 9 | D'íoc Bus Éireann as fruilliú bus | Seic Uimh. 73 | € 325 |
| Meith 21 | Lóisteáil fáltas bailiúchán geata an tséipéil | | €2,347 |
| Iúil 4 | Cheannaigh camáin | Seic Uimh. 74 | € 470 |
| Lún 15 | Lóisteáil táillí ballraíochta | | € 500 |
| M. Fómh 3 | D'íoc pá an ghlantóra | Seic Uimh. 75 | € 160 |
| D. Fómh 19 | Lóisteáil fáltas geata ó chluiche | | €1,200 |
| Sam 6 | D'íoc Bus Éireann | Seic Uimh. 76 | €1,700 |
| Noll 10 | Lóisteáil fáltas bailiúchán lae bhrataigh | | € 849 |

**A.** Déan na bearta thuas a thaifeadadh don bhliain i Leabhar Airgid Miondealaithe an Chlub ag baint úsáide as na ceannteidil cholún airgid seo a leanas:

Taobh an Dochair (na bhFáltas): Iomlán, Táillí ballraíochta, Fáltais ó chluichí, Bailiúcháin.
Taobh an tSochair (na nÍocaíochtaí): Iomlán, Taisteal, Árachas, Treallamh, Pá.

Comhlánaigh agus comhardaigh an Leabhar Airgid Miondealaithe ar an 31 Nollaig 2001. **(22)**

**B.** Ullmhaigh Cuntas Achomair Fáltas agus Íocaíochtaí don bhliain ó na figiúirí a thiomsaigh tú sa Leabhar Airgid Miondealaithe. **(12)**

**C.** (i) Ainmnigh an feidhmeannach club a bhfuil de chúram air na taifid airgeadais a choinneáil. **(2)**

(ii) Ainmnigh na cuntais chríochnaitheacha ar cheart don fheidhmeannach sin a thíolacadh do C.G.B. (A.G.M.) an Chlub. **(4)**

**(40 marc)**

**6.** **Freagair GACH roinn. Ceist faoi Airgeadas Rialtais agus Fhás Eacnamaíoch í seo.**

**A.** (i) Cén Roinn Rialtais a ullmhaíonn an Buiséad Náisiúnta? **(3)**

(ii) Cén mhí a gcuirtear Buiséad Náisiúnta na hÉireann faoi bhráid na Dála? **(3)**

(iii) An ndearna an Buiséad Náisiúnta do na trí bliana seo caite pleanáil do bharrachas nó d'easnamh sa bhuiséad reatha? **(3)**

**B.** Liostaigh **DHÁ** rogha a bhíonn ag an rialtas nuair a bhíonn barrachas buiséid sa chuntas reatha seachas caiteachas reatha a mhéadú. **(6)**

**C.** Faigheann an Rialtas ioncam ó fhoinsí seachas cánachas, a dtugtar ioncam neamhchánach air.

(i) Tabhair **DHÁ** shampla de ioncam neamhchánach. **(6)**

(ii) Cad is ciall leis an téarma **Príobháidiú**? **(3)**

(iii) Ainmnigh Cuideachta/Comhlacht Stáit a príobháidíodh le blianta beaga. **(3)**

**D.** Bhain Éire leibhéil an-arda i bhfás eacnamaíoch amach le linn na ndeich mbliana seo caite.

(i) Cad is brí le **fás eacnamaíoch**? **(3)**

(ii) Cad a thugtar ar an tomhas oifigiúil a bhaineann le fás eacnamaíoch? **(3)**

(iii) Ainmnigh **DHÁ** iarmhairt eacnamaíocha a tharlaíonn de bharr an fháis san eacnamaíocht. **(7)**

**(40 marc)**